Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7890/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0073(NLE)**

**MAR 45**
**OMI 14**
**ENV 304**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ag an 84ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) agus ag an 111ú seisiún den Choiste Muir Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994), ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 2000 (Cód HSC 2000), ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011), ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (Cód LSA) agus ar Phrótacal 1988 a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966 (Prótacal maidir le hUalachlínte 1988) |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ag an 84ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) agus ag an 111ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994), ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 2000 (Cód HSC 2000), ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011), ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (Cód LSA) agus ar Phrótacal 1988 a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966 (Prótacal maidir le hUalachlínte 1988)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart gurb é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais san earnáil muiriompair an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

(2) Meastar go ndéanfaidh an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), ag an 84ú seisiún a bheidh aige ón 27 Aibreán go dtí an 1 Bealtaine 2026 (CCCM 84), leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) a bhaineann leis an Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar nua Rialaithe Astaíochtaí (rialacháin 13 agus 14 agus Foscríbhinn VII), le hinrochtaineacht Chóras Bailithe Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus le clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú (rialacháin 20, 25, 27 agus 28).

(3) Meastar go nglacfaidh an Coiste Muir-Shábháilteachta de chuid IMO, ag an 111ú seisiún a bheidh aige ón 13 go dtí an 22 Bealtaine 2026, le leasuithe ar chaibidlí IV agus V den Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, agus ar an bhfoscríbhinn (Deimhnithe) a ghabhann leis, ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994), ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 2000 (Cód HSC 2000), ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011), ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (Cód LSA), agus ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 1988 a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966 (Prótacal maidir le hUalachlínte 1988).

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag CCCM 84 a bhunú, ós rud é go bhféadfaidh na leasuithe atá beartaithe ar MARPOL tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) Uimh. 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Rialachán (AE) Uimh. 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], agus Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(5) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar rialacháin 13 agus 14 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL agus ar fhoscríbhinn VII a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL toisc go rannchuideoidh na leasuithe sin le hastaíochtaí truailleán aeir ó longa a chosc, a laghdú agus a rialú, agus ba cheart tairbhí gaolmhara sláinte, comhshaoil agus eacnamaíocha a bheith mar thoradh orthu.

---

1 Treoir (AE) 2016/802 an 11 Bealtaine 2016 a bhaineann leis an gcion sulfair i mbreoslaí leachtacha áirithe a laghdú (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/802/oj).

2 Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/757/oj).

3 Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, IO L 130, 16.5.2023, lch. 134. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

4 Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj).

(6) Ba cheart don Aontas tacú freisin leis na leasuithe ar rialachán 27 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, toisc go gcuirfidh na leasuithe sin feabhas breise ar inrochtaineacht IMO DCS.

(7) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, toisc go n-eascraíonn na leasuithe sin as glacadh Straitéis IMO 2023 maidir le hAstaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú agus as tabhairt chun críche an athbhreithnithe ar na bearta gearrthéarmacha ag an EMI, rud a fhágann gur féidir athbhreithniú breise a dhéanamh ar na rialacháin sin.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 111 seisiún de chuid CMS a bhunú, ós rud é go bhféadfaidh na leasuithe ar SOLAS, ar Chód HSC 1994, ar Chód HSC 2000, ar Chód ESP 2011, ar Chód LSA agus ar an bPrótacal maidir le hUalachlínte 1988 atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

---

[5] Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/45/oj).

[6] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/59/oj).

[7] Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach (IO L 172, 30.6.2012, lch. 3,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/530/oj).

[8] Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/90/oj).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar chaibidlí IV agus V de SOLAS agus ar an bhfoscríbhinn (Deimhnithe) a ghabhann leis, ar Chód HSC 1994 agus ar Chód HSC 2000, toisc go bhfuil sé níos éifeachtúla le haghaidh na dteachtaireachtaí a bhaineann go sonrach le feidhmchláir (ASM) de chuid Chóras Malartaithe Sonraí VHF (VDES), agus ós rud é go bhfuil acmhainneacht bhreise ag VIDES chun níos mó sonraí digiteacha a mhalartú d'fhéadfadh sé freastal ar an bhfás amach anseo ar an éileamh ar shonraí digiteacha a úsáid i radachumarsáid mhuirí. Ina theannta sin, tá go leor buntáistí ag baint le malartú sonraí digiteacha, ní hamháin maidir le sábháilteacht agus feasacht staide ach freisin maidir le slándáil, éifeachtúlacht na loingseoireachta, cosaint na muirthimpeallachta agus laghdú ar an ualach ar mharaithe. Cuireann VDES feabhas mór ar na tairbhí a sholáthraítear tríd an gCóras Aitheantais Uathoibríoch (AIS) agus meastar gur cumasóir ríomhloingseoireachta é. Cuirtear feabhas mór ar an gcumas ASM agus faisnéis eile a mhalartú idir longa agus údaráis chladaigh trí VDES a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin freisin toisc, trí sheirbhísí satailíte soghluaiste aitheanta nua a thabhairt isteach, nach mór a lua go soiléir i rialacha IMO an ceanglas maidir le faisnéis um sábháilteacht mhuirí agus faisnéis a bhaineann le cuardach agus tarrtháil a scaipeadh trí gach seirbhís satailíte soghluaiste aitheanta oibríochtúil a lua go soiléir.

(10) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar Chód ESP 2011 toisc go dtugann na teicnící cianchigireachta sin éifeachtúlacht níos fearr, solúbthacht níos mó agus iontaofacht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí laethúla an tsuirbhé agus na cigireachta gan dochar a dhéanamh do thoradh na ngníomhaíochtaí sin.

(11) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar Chód LSA, ar leasuithe iad lena n-éascófar sábháilteacht anama ar muir tríd an muinín as oibriú éifeachtach agus éifeachtúil na mbád tarrthála saorthitime a mhéadú i gcás ina dtréigfear an long.

(12) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar Phrótacal maidir le hUalachlínte 1988 toisc gur féidir cosaint an chriú a fheabhsú go héifeachtach trí ráillí cosanta a shocrú le trí chúrsa ar an struchtúr deice, an baol go dtitfidh an criú thar bord agus go dtarlóidh gortuithea laghdú, agus sábháilteacht long a fheabhsú ar an gcostas eacnamaíoch is lú is féidir.

(13) Ní ball é an tAontas de IMO ná, ní páirtí conarthach é in MARPOL, SOLAS, Cód HSC 1994, Cód HSC 2000, Cód ESP 2011, Cód LSA ná sa Phrótacal maidir le hUalachlínte 1988. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na Ballstáit a údarú le seasamh an Aontais a chur in iúl ag CCCM 84 agus ag an 111 seisiún de chuid CMS.

(14) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú d’ábhar na leasuithe atá beartaithe, a mhéid d’fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) ag an 84ú seisiún, a chomhaontú go nglacfar an méid seo a leanas:

(a) na leasuithe ar rialacháin 13 agus 14 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL agus ar fhoscríbhinn VII a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir leis an Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar nua um Rialú Astaíochtaí (ECA), agus

(b) na leasuithe ar rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL a bhaineann le hinrochtaineacht Chóras Bailithe Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus le clásal athbhreithnithe an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le GCT a laghdú,

mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad EMI CCCM 84/3.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Muir-Shábháilteachta (MSC) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) ag an 111ú seisiún, a chomhaontú go nglacfar an méid seo a leanas:

(a) na leasuithe ar chaibidlí IV agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, agus ar an bhfoscríbhinn (Deimhnithe) a ghabhann leis,

(b) na leasuithe ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994),

(c) na leasuithe ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 2000 (Cód HSC 2000),

(d) na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011),

(e) na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (Cód LSA), agus

(f) na leasuithe ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 1988 a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966 (Prótacal maidir le hUalachlínte 1988),

mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na doiciméid de chuid EMI, MSC 111/3 agus MSC 111/3/1.

*Airteagal 3*

Leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, a leagtar amach in Airteagal 1 agus leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, a leagtar amach in Airteagal 2, cuimsítear na leasuithe atá beartaithe a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus a mhéid a d’fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais. Cuirfidh na Ballstáit, ar baill iad uile de IMO, gach seasamh in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 agus ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 2 gan aon cinneadh breise ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Leis seo, údaraítear na Ballstáit lena dtoiliú a thabhairt le bheith faoi cheangal, chun leas an Aontais, ag na leasuithe atá beartaithe, a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*